2024/2623

4.10.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2623 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas agus a aithint

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (an 'Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le galair ainmhithe a chosc agus a rialú dá dtagraítear in Airteagal 5 de, lena n-áirítear rialacha maidir le fógra agus tuairisc a thabhairt i leith galar, faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair. Go háirithe, le hAirteagal 37(1) den Rialachán sin is féidir leis na Ballstáit iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar aitheantas do stádas saor ó ghalair do dheighleoga i ndáil le galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), de (galair chatagóir A).

(2) Tá an cur chuige maidir le roinnt i ndeighleoga dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429 i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ('WOAH'), agus go háirithe Caibidlí 4.4. agus 4.5. den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún ([2]) a bhaineann le criosú agus roinnt i ndeighleoga, agus le cur i bhfeidhm na roinnte i ndeighleoga, faoi seach, Caibidlí atá ceaptha lena n-úsáid ag Comhaltaí WOAH mar bhonn dá rialacháin maidir le galair ainmhithe a chosc agus a rialú.

(3) Cé go leagtar síos in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2016/429 na rialacha ginearálta maidir leis an stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a aithint i ndáil le galair chatagóir A, ba cheart rialacha forlíontacha a leagan síos sa Rialachán seo le go bhformheasfaidh an t-údarás inniúil stádas saor ó ghalair na ndeighleog sin.

(4) Maidir le formheas an stádais saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún ag an údarás inniúil i ndáil le galair chatagóir A, ba cheart a áireamh ar na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo ceanglais ghinearálta le haghaidh na ndeighleog sin, mar aon le rialacha maidir le freagrachtaí agus dualgais an bhainisteora deighleoige, ceanglais maidir le córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann, agus ceanglais agus nósanna imeachta mionsonraithe maidir le formheas na ndeighleog sin ag an údarás inniúil, lena n-áirítear deighleoga atá suite i gcríoch níos mó ná Ballstáit amháin.

(5) Déantar foráil in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 ón gCoimisiún ([3]) go leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin na galair liostaithe ar féidir stádas saor ó ghalair do dheighleoga a bhunú ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 37(4), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/429. Ba cheart ceanglais shonracha a leagan síos sa Rialachán seo maidir le formheas an stádais saor ó ghalair i ndáil leis na galair sin de chatagóir A ón údarás inniúil.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.
([2]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na galair liostaithe faoi réir cláir faireachais de chuid an Aontais, raon feidhme geografach na gclár sin agus na galair liostaithe ar féidir stádas saor ó ghalair a bhunú i ndeighleoga lena n-aghaidh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 341, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/690/oj).

(6) Chun tabhairt isteach agus leathadh ghalair chatagóir A i ndeighleog ina gcoimeádtar ainmhithe talún a chosc, agus chun na galair de chatagóir A sin a rialú san Aontas, ba cheart ceanglais mhionsonraithe a leagan síos sa Rialachán seo maidir le faireachas sonrach agus forálacha diana bithshlándála. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin sna rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo nach féidir le bunaíochtaí áirithe, amhail bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe saor-raoin nó bunaíochtaí le haghaidh oibríochtaí tionóil, a mbaineann riosca méadaithe leo fós maidir le leathadh galar fiú nuair atá bearta dochta bithshlándála i bhfeidhm acu, mar gheall ar ghluaiseachtaí agus meascadh rialta ainmhithe i gcatagóirí éagsúla nó ainmhithe a bhfuil stádas sláinte difriúil acu, a bheith ina gcuid de dheighleog chun stádas saor ó ghalair a fhormheas i ndáil le ghalair chatagóir A.

(7) Tá sé dúshlánach deighleoga sonracha atá saor ó ghalair a bhunú agus a choinneáil ar bun i ndáil le ghalair chatagóir A, mar nuair a bhunaítear iad, ní mór d'oibreoirí a áirithiú go gcosnófar an daonra ainmhithe agus go gcaomhnófar a stádas sláinte ar leith i ngach uile chás, fiú i gcás ina mbeidh crios srianta le haghaidh ghalar chatagóir A i ngar don deighleog. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta bithshlándála is déine maidir le comhpháirteanna uile na ndeighleog, rud nach féidir a bhaint amach ach amháin trí chóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann. Le córas den sórt sin agus bheadh gá le bainistiú dian agus dá bhrí sin, ba cheart do gach oibreoir deighleoige bainisteoir deighleoige a mbeidh cúraimí agus freagrachtaí sainithe air a cheapadh chun na críche sin.

(8) Oibreoirí a chuireann iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil ar stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas i ndáil le galar chatagóir A, ba cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi cheanglais agus nósanna imeachta na n-iarratas sin. Dá bhrí sin, is gá na ceanglais agus na nósanna imeachta sin a leagan síos sa Rialachán seo.

(9) Níor cheart iarratas ar fhormheas an stádais saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún i ndáil le galar chatagóir A a cheadú i gcás ina bhfuil an deighleog nó cuid di suite i gcrios srianta le haghaidh an ghalair sin de chatagóir A, mar gheall ar an deacracht a bhaineann le pleananna bithshlándála éifeachtacha a bhunú, a chothabháil agus a fhíorú nuair atá ráigeanna den ghalar sin de chatagóir A ag tarlú i ngar don deighleog.

(10) Le hAirteagail 94 go 100 de Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta ginearálta maidir le cineálacha áirithe bunaíochtaí a fhormheas, go háirithe iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 94(1), pointe (e), de, lena n-áirítear deighleoga. Leis an Rialachán seo, ba cheart nósanna imeachta mionsonraithe áirithe a leagan síos don údarás inniúil maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún do dheighleoga i ndáil le galair chatagóir A a fhormheas, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar. Is é is cúis leis sin castacht agus sainiúlacht na mbeart bainistithe bithshlándála le haghaidh deighleog agus na difríochtaí i dtéarmaí riosca galar ainmhithe idir sáruithe ar na bearta bithshlándála agus galar nó galair chatagóir A ar deonaíodh stádas saor ó ghalair dó nó dóibh a bheith ann i ndeighleog.

(11) Na galair liostaithe a bhféadfar stádas saor ó ghalair do dheighleoga a bhunú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/429, leagtar amach iad in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 agus áirítear orthu an fliú éanúil ardphataigineach agus ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle. Maidir le deighleoga ina gcoimeádtar éanlaith chlóis (deighleoga éanlaithe clóis) ar deonaíodh stádas saor ó ghalair dóibh i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus víreas ghalar Newcastle, ba cheart dóibh roinnt ceanglais shonracha a chomhlíonadh, go háirithe tuairisc mhionsonraithe ar an deighleog éanlaithe clóis, córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann spriocdhírithe, agus córais chosanta agus faireachais atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go dtabharfaí an dá ghalar sin de chatagóir A isteach sa deighleog éanlaithe clóis. Ba cheart na ceanglais shonracha theicniúla agus mhionsonraithe sin a leagan síos sa Rialachán seo.

(12) Na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas i ndáil le galair chatagóir A, tá siad éagsúil leis na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429. I gcás ainmhithe talún, ceadaíodh deighleoga éanlaithe clóis a úsáid faoi Threoir 2005/94/CÉ ón gComhairle ([4]), i ndáil leis an bhfliú éanúil. Deighleoga a formheasadh i gcomhréir leis an Treoir sin agus le Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún ([5]), ar deighleoga iad atá aisghairthe anois, meastar go bhfuil stádas saor ó ghalair formheasta fós acu i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach, ar bhonn

([4]) Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE (IO L 10, 14.1.2006, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/94/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/94/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas a fhormheas i ndáil le fliú éanúil agus bearta coisctheacha bithshlándála breise i ndeighleoga den sórt sin (IO L 181, 14.7.2009, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/616/oj).

na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 280(3) de Rialachán (AE) 2016/429, agus in Airteagal 84(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([6]). Na deighleoga sin de na Ballstáit a aithnítear mar dheighleoga atá saor ón bhfliú éanúil ardphataigineach, liostaítear iad in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([7]). Ba cheart an stádas saor ó ghalair sin a choinneáil ar bun ar feadh an ama is gá le go mbeadh oibreoirí in ann iarratas a dhéanamh ar fhormheas an stádais saor ó ghalair do dheighleoga i gcomhréir leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha idirthréimhseacha iomchuí a leagan síos chun aistriú rianúil a áirithiú maidir le stádas saor ó ghalair aitheanta atá ann cheana do dheighleoga éanlaithe clóis a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha lena bhforlíontar na rialacha a leagtar síos in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a bheith á fhormheas ag an údarás inniúil, i gcás galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), den Rialachán sin (galair chatagóir A).

2. Le Caibidil II den Rialachán seo leagtar síos na ceanglais agus na nósanna imeachta seo a leanas maidir le formheas an stádais saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún dá dtagraítear in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2016/429:

(a) ceanglais ghinearálta maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú do na deighleoga sin;

(b) freagrachtaí agus dualgais oibreoirí agus bhainisteoirí deighleoige na ndeighleog sin;

(c) córais bainistithe bithshlándála comhchoiteanna le haghaidh na ndeighleog sin;

(d) nósanna imeachta maidir le formheas an stádais saor ó ghalair na ndeighleog sin ag an údarás inniúil, lena n-áirítear le haghaidh deighleoga atá suite i gcríoch níos mó ná Ballstáit amháin.

3. Le Caibidil III den Rialachán seo leagtar síos ceanglais shonracha maidir le formheas an stádais saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a mhéid a bhaineann le galair chatagóir A a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 le haghaidh na speiceas agus na gcatagóirí ainmhithe liostaithe ábhartha.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'plean bithshlándála' plean ina sainaithnítear conairí féideartha maidir le tabhairt isteach agus leathadh galar i mbunaíocht, agus ina dtugtar tuairisc ar an mbithshlándáil atá le cur i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann le tabhairt isteach agus leathadh galair shonraigh a mhaolú;

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i ndáil le galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/620/oj).

2. ciallaíonn ‘córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann’ na rialacha comhchoiteanna lena rialaítear feidhmiú deighleoige atá ceaptha chun stádas saor ó ghalair na mbunaíochtaí uile atá ina gcuid di a áirithiú; áirítear ann an caidreamh feidhmiúil idir comhpháirteanna uile na deighleoige na bearta bithshlándála foriomlána arna gcur chun feidhme sna bunaíochtaí, i gcomhréir lena bpleananna bithshlándála féin;

3. ciallaíonn ‘bainisteoir deighleoige’ duine ceaptha atá freagrach as córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann na deighleoige;

4. ciallaíonn ‘comhpháirt deighleoige’ aon bhunaíocht atá ina cuid den deighleog nó aon áitreabh, gnólacht bia nó beatha, bunaíocht seachtháirgí ainmhithe nó gléasra ar leis an deighleog iad;

5. ciallaíonn ‘na páirtithe uile lena mbaineann’ oibreoir na deighleoige, bainisteoir na deighleoige agus oibreoirí gnólachtaí bia agus beatha, gairmithe ainmhithe, iompróirí, tréidlianna, táirgeoirí nó miondíoltóirí cógaisíochta, nó oibreoirí i dtionscail eile a sholáthraíonn seirbhísí don deighleog, a sheachadann ainmhithe, táirgí nó tráchtearraí eile chuig an deighleog, nó a fhaigheann ainmhithe, táirgí nó tráchtearraí eile ón deighleog;

6. ciallaíonn ‘córas luathrabhaidh’ córas chun tarlú, ionradh nó teacht chun cinn ghalair chatagóir A a bhrath, a thuairisciú agus a chur in iúl ar bhealach tráthúil.

CAIBIDIL II

CEANGLAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE STÁDAS SAOR Ó GHALAIR NA nDEIGHLEOG INA gCOIMEÁDTAR AINMHITHE TALÚN I nDÁIL LE GALAIR CHATAGÓIR A

Airteagal 3

Ceanglais maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún i ndáil le galair chatagóir A

1. Oibreoirí a chuireann iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil ar stádas saor ó ghalair deighleoige ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas i ndáil le galar chatagóir A, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) comhlíonfaidh an faireachas sa deighleog maidir le galar chatagóir A an méid seo a leanas:

(i) na ceanglais maidir le dearadh an fhaireachais a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689;

(ii) na ceanglais shonracha faireachais a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán seo;

(b) comhlíonfaidh na bearta bithshlándála atá i bhfeidhm sa deighleog an méid seo a leanas:

(i) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/429;

(ii) na ceanglais shonracha bhithshlándála a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán seo;

(c) maidir le bunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog:

(i) formheasfar iad i gcomhréir le hAirteagal 94(1), pointí (b) go (e), de Rialachán (AE) 2016/429; agus

(ii) comhlíonfaidh siad Airteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2016/429;

(d) maidir le bunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog, ní bunaíochtaí iad:

(i) ina gcoimeádtar:

— ainmhithe saor-raoin;

— níos mó ná speiceas ainmhíoch amháin san aonad eipidéimeolaíoch céanna;

(ii) a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí tionóil, margaí, taispeántas, aontaí, ná mar ionaid dídine ainmhithe, bunaíochtaí comhdhúnta, zúnna ná tearmainn fiadhúlra.

2. Oibreoirí a chuireann iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil ar stádas saor ó ghalair deighleoige ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas i ndáil le galar chatagóir A, ceapfaidh siad bainisteoir deighleoige a mbeidh na cáilíochtaí iomchuí aige agus áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(a) comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i gCuid I d’Iarscríbhinn I;

(b) déanfar gach bunaíocht atá ina cuid den deighleog, chomh maith le gach comhpháirt eile den deighleog, a bhainistiú faoi chóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann, ar córas é a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I;

(c) gcomhlíonfaidh na páirtithe uile lena mbaineann ceanglais an chórais bainistithe bithshlándála chomhchoitinn.

Airteagal 4

Iarratais ar stádas saor ó ghalair a fhormheas do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún i ndáil le galair chatagóir A

1. Oibreoirí a chuireann iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil ar stádas saor ó ghalair deighleoige ina gcoimeádtar ainmhithe talún a fhormheas i ndáil le galar chatagóir A, cuirfidh siad iarratas ar fhormheas faoi bhráid an údaráis inniúil ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 96(1) de Rialachán (AE) 2016/429 le haghaidh bunaíochtaí;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Ní chuirfidh oibreoirí na ndeighleog ina gcoimeádtar ainmhithe talún iarratas isteach ar an stádas saor ó ghalair do dheighleog a fhormheas i ndáil le galar de chatagóir A, dá bhforáiltear i mír 1, nuair atá an deighleog nó aon chomhpháirt di suite i gcrios srianta i ndáil le galar chatagóir A.

Airteagal 5

Formheas maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i ndáil le galair chatagóir A do dheighleog ina gcoimeádtar ainmhithe talún

1. Ní dheonóidh an t-údarás inniúil formheas maidir le stádas saor ó ghalair deighleoige ina gcoimeádtar ainmhithe talún i ndáil le galar chatagóir A ach amháin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) níl aon cheann de na comhpháirteanna deighleoige suite i gcrios srianta ná i gcriosanna srianta i ndáil le galar chatagóir A;

(b) an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 96(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, maidir le faireachas galair lena léirítear nach ann do ghalar chatagóir A, tá an fhaisnéis sin iomlán, cothrom le dáta agus cruinn;

(c) tá seiceálacha déanta ag bainisteoir na deighleoige go bhfuil an córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann i bhfeidhm agus go bhfuil sé leordhóthanach chun stádas sláinte ar leith a áirithiú, trí iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha doiciméadaithe dá dtagraítear i gCuid I, pointe (d), d'Iarscríbhinn I;

(d) ta an nós imeachta maidir le formheas a dheonú ag an údarás inniúil a leagtar síos in Airteagal 99 de Rialachán (AE) 2016/429 curtha i gcrích, lena n-áirítear cigireacht ar an láthair arna dhéanamh ag an údarás inniúil nó ag comhlacht tarmligthe chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo a fhíorú, agus na ceanglais a leagtar síos i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo.

2. I gcás ina bhfuil comhpháirt amháin ar a laghad den deighleog suite i gcríoch Ballstáit eile, déanfaidh an t-údarás inniúil ar cuireadh an t-iarratas faoina bhráid idirchaidreamh le húdarás inniúil an Bhallstáit eile chun a áirithiú go bhfíorófar comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil an méid a leanas:

(a) cláir de dheighleoga formheasta agus na comhaid formheasa a ghabhann leo a choinneáil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 101 de Rialachán (AE) 2016/429;

(b) aon mhodhnú ar chomhpháirteanna nó ar stádas sláinte ainmhithe na ndeighleog atá aitheanta cheana féin ag an gCoimisiún a thuairisciú don Choimisiún gan mhoill.

Airteagal 6

Formheas maidir le stádas saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a athbhreithniú, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar

1. Seiceálfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil an deighleog fós ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le formheas, mar a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointe (d), ag eatraimh iomchuí bunaithe ar an measúnú ar an staid eipidéimeolaíoch sa limistéar ina bhfuil na comhpháirteanna deighleoige suite agus bunaithe ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis a fuarthas ó bhainisteoir na deighleoige mar a leagtar amach i gCuid I, pointí (f) agus (g), d'Iarscríbhinn I.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil formheas maidir le stádais saor ó ghalair do dheighleoga ina gcoimeádtar ainmhithe talún a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 100 de Rialachán (AE) 2016/429 agus in Airteagal 82 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún.

3. Nuair a chuireann an t-údarás inniúil formheas an stádais saor ó ghalair atá ag deighleog ina gcoimeádtar ainmhithe talún ar fionraí toisc nach gcomhlíonann sí an fhaisnéis arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(1), pointí (b) agus (c) a thuilleadh, déanfar formheas na deighleoige a athshlánú a luaithe a fhíoróidh an t-údarás inniúil go bhfuil na gníomhaíochtaí ceartaitheacha éifeachtach.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil formheas an stádais saor ó ghalair atá ag deighleog ina gcoimeádtar ainmhithe talún a tharraingt siar i gcás ráig de ghalar chatagóir A, laistigh de chomhpháirt den deighleog sin, ar deonaíodh stádas saor ó ghalair ina leith.

5. I gcás ina dtarraingítear siar formheas an stádais saor ó ghalair atá ag deighleog, mar a fhoráiltear i mír 4 den Airteagal seo, ní fhéadfar an stádas saor ó ghalair a athshlánú go dtí go gcuirfear iarratas nua isteach i gcomhréir le hAirteagal 4.

CAIBIDIL III

CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE FORMHEAS AN STÁDAIS SAOR Ó GHALAIR DO DHEIGHLEOGA INA gCOIMEÁDTAR AINMHITHE TALÚN A MHÉID A BHAINEANN LE GALAIR CHATAGÓIR A A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LE RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/690

Airteagal 7

Ceanglais shonracha a bhaineann le galair chatagóir A a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/690 le haghaidh deighleoga na speiceas agus na gcatagóirí ainmhithe talún liostaithe ábhartha

1. Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i gCuid III d'Iarscríbhinn I, sna hiarratais ar stádas saor ó ghalair do dheighleoga éanlaithe clóis a fhormheas i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach, beidh an méid seo a leanas:

(a) tuairisc mhionsonraithe ar dheighleog na héanlaithe clóis, mar a leagtar amach i gCuid I, Roinn 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) tuairisc mhionsonraithe ar chóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann na deighleoige éanlaithe clóis, mar a leagtar amach i gCuid I, Roinn 2 d'Iarscríbhinn II;

(c) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta cosanta agus faireachais, mar a leagtar amach i gCuid II, Roinn 1 d'Iarscríbhinn II.

2. Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i gCuid III d'Iarscríbhinn I, sna hiarratais ar stádas saor ó ghalair do dheighleoga éanlaithe clóis a fhormheas i ndáil le hionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle, beidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) tuairisc mhionsonraithe ar dheighleog na héanlaithe clóis, mar a leagtar amach i gCuid I, Roinn 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) tuairisc mhionsonraithe ar chóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann na deighleoige éanlaithe clóis, mar a leagtar amach i gCuid I, Roinn 2 d'Iarscríbhinn II;

(c) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta cosanta agus faireachais, mar a leagtar amach i gCuid II, Roinn 2 d'Iarscríbhinn II.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 8

Forálacha idirthréimhseacha

Deighleoga éanlaithe clóis a formheasadh i ndáil leis an bhfliú éanúil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 agus a liostaítear mar dheighleoga atá saor ón bhfliú éanúil ardphataigineach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, beidh a stádas saor ó ghalair acu fós i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Cuirfidh oibreoirí na ndeighleog éanlaithe clóis sin iarratas isteach ar stádas saor ó ghalair a fhormheas i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo laistigh de thréimhse 12 mhí ón dáta sin, sin nó tarraingeoidh an t-údarás inniúil a bhformheas siar ag deireadh na tréimhse sin.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

CEANGLAIS MAIDIR LE STÁDAS SAOR Ó GHALAIR DO DHEIGHLEOGA INA gCOIMEÁDTAR AINMHITHE TALÚN A FHORMHEAS I nDÁIL LE GALAIR CHATAGÓIR A

CUID I

BAINISTEOIR NA DEIGHLEOIGE

Déanfaidh bainisteoir na deighleoige dá dtagraítear in Airteagal 3(2) an méid seo a leanas:

(a) maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na deighleoige maidir lena stádas sláinte;

(b) an doiciméadacht is gá a thiomsú don iarratas ón oibreoir ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas dá dtagraítear in Airteagal 4;

(c) é a áirithiú go gcomhlíonann an deighleog na ceanglais seo a leanas:

(i) tá an córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann i bhfeidhm, lena n-áirítear gach plean bithshlándála de chuid na mbunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog;

(ii) is féidir gluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí ainmhithe isteach sa deighleog, laistigh di agus amach aisti a rianú;

(iii) leis an bhfaireachas (lena n-áirítear plean faireachais, córas luathrabhaidh, scéimeanna samplála, agus oiriúnú an phlean faireachais don riosca go dtabharfaí galar isteach agus don anailís ar thorthaí saotharlainne), léirítear nach ann ar bhonn leanúnach don ghalar nó do na galair chatagóir A a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas ina leith;

(iv) leis an oiliúint, coinnítear inniúlachtaí riachtanacha phearsanra na deighleoige chun na bearta bithshlándála a chur chun feidhme;

(v) déantar cumarsáid ar mhaithe le feasacht na bpáirtithe uile lena mbaineann ar an riosca go dtabharfaí isteach galar nó galair chatagóir A a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas ina leith;

(d) iniúchtaí inmheánacha rialta arna ndéanamh ag pearsanra oilte a áirithiú, agus iniúchtaí seachtracha arna ndéanamh uair sa bhliain ar a laghad ag tríú páirtí ar conradh, chun comhlíonadh na gceanglas a liostaítear i bpointe (c) a fhíorú;

(e) beidh sé freagrach as tuarascálacha ar na hiniúchtaí dá dtagraítear i bpointe (d) a bhailíochtú nó a dhiúltú;

(f) tuarascálacha ar na hiniúchtaí dá dtagraítear i bpointe (e) a choinneáil ar fáil don údarás inniúil;

(g) é a áirithiú go ndéanfar beart láithreach chun aon neamhchomhlíonadh leis na ceanglais a liostaítear i bpointe (c) arna nochtadh leis na hiniúchtaí dá dtagraítear i bpointe (d) nó le rialuithe oifigiúla a cheartú, agus taifid a choinneáil ar na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus ar fhíorú ar a gcur chun feidhme agus ar a n-éifeachtacht;

(h) faisnéis agus doiciméadacht maidir le faireachas galair agus bithshlándáil a choinneáil cothrom le dáta, agus iad a chur ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin dó;

(i) an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi theagmhais sláinte ainmhithe, fadhbanna feidhme, sáruithe bithshlándála, modhnuithe ar bhunaíochtaí nó pleananna bithshlándála nó faireachais, nó faoi aon ábhar eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhormheas na deighleoige.

CUID II

CÓRAS BAINISTITHE BITHSHLÁNDÁLA COMHCHOITEANN DEIGHLEOIGE

Sa chóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann deighleoige dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b), áireofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) tuairisc ar na bearta ginearálta sláinte ainmhithe agus bithshlándála arna gcur i bhfeidhm mar a fhoráiltear in Airteagal 10 de Rialachán 2016/429, lena n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feirmeoireacht mhaith ainmhithe;

(ii) bearta cosanta fisiciúla na mbunaíochtaí uile atá ina gcuid den deighleog agus comhpháirteanna eile na ndeighleog, ar bearta iad atá oiriúnaithe dá gcás agus dá gcaidreamh le chéile;

(iii) bearta ginearálta arna gcur i bhfeidhm chun an riosca maidir le tabhairt isteach agus leathadh galar a íoslaghdú, ar bearta iad atá oiriúnaithe do speicis agus catagóirí na n-ainmhithe talún ar coimeád, do na táirgí agus don chineál táirgthe;

(iv) bearta sonracha bainistithe chun go seachnófaí teacht isteach, bunú agus leathadh ghalar nó ghalair chatagóir A, laistigh den deighleog nó ón deighleog, ar galar nó galair iad a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas ina leith;

(b) plean maidir le trealamh agus acmhainní daonna arna leithdháileadh ar mhaithe leis an mbainistiú bithshlándála, lena n-áirítear plean oiliúna do ghairmithe ainmhithe agus pearsanra eile na deighleoige chun go mbeidh an t-eolas is gá acu ar shláinte ainmhithe, go háirithe i ndáil le galar nó galair chatagóir A a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas ina leith;

(c) gníomhaíochtaí feasachta, lena n-áireofar na páirtithe uile lena mbaineann;

(d) córas cur chun feidhme doiciméadaithe le haghaidh plean maidir le sláinteachas na foirne, lena n-áirítear cleachtais sláinteachais ghinearálta agus shonracha, oiliúint ghinearálta agus shonrach do bhaill foirne bhuana agus shealadacha agus an nós imeachta maidir leis an bplean sláinteachais sin a rialú;

(e) anailís riosca maidir le gach ceann de na galair de chatagóir A a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas ina leith, agus na speicis agus catagóirí ainmhithe talún gaolmhara agus, a ndéanfar a dhoiciméadú agus a chur ar fáil don údarás inniúil, agus déanfar an méid seo a leanas ina leith:

(i) áireofar ann sainaithint oibreáin na ngalar sin de chatagóir A, measúnú ar an riosca a bhaineann lena dteacht isteach, lena mbunú agus lena leathadh sa deighleog, na bearta chun an riosca a laghdú, agus an chumarsáid maidir le riosca i measc na bpáirtithe uile lena mbaineann;

(ii) déanfar rioscaí inmheánacha agus seachtracha a mheas; déanfar athmheasúnú rialta ar na rioscaí, go háirithe rioscaí seachtracha nuair a tharlóidh ráigeanna de cheann amháin nó níos mó de na galair sin de chatagóir A sa Bhallstát ina bhfuil comhpháirteanna na deighleoige suite;

(iii) cuirfear san áireamh ann conairí sainaitheanta agus fachtóirí riosca a bhaineann leis na galair sin de chatagóir A;

(iv) déanfar roghanna bainistithe riosca a mholadh atá inoiriúnaithe don leibhéal riosca agus tabharfar tuairisc ar ghníomhaíochtaí atá le déanamh i gcás riosca méadaithe, amhail leibhéal feabhsaithe gaibhniúcháin nó minicíocht níos airde samplála;

(f) córas inrianaitheachta bheidh in ann gluaiseachtaí d'ainmhithe na hurrainne a leanúint le linn gach céime dá saolré laistigh den deighleog, agus doiciméadú a dhéanamh ar ghluaiseachtaí uile na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí idir na bunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog, chomh maith lena n-áit tionscnaimh ar a dteacht isteach sa deighleog, agus a gceann scríbe ar fhágáil na deighleoige dóibh;

(g) córas doiciméadachta le haghaidh gach ionchuir agus aschuir earraí agus seirbhísí ó gach comhpháirt deighleoige agus chuici;

(h) pleananna sonracha bithshlándála na mbunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog, le meastóireacht ar a gcur chun feidhme agus ar a n-éifeachtacht maidir le galar nó galair chatagóir A a ndearnadh an t-iarratas ar stádas saor ó ghalar a fhormheas ina leith; tabharfar na pleananna bithshlándála cothrom le dáta agus na rioscaí a ndearnadh measúnú orthu dá dtagraítear i bpointe (e) á gcur san áireamh, tabharfar le fios cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh ghalar nó ghalair chatagóir A a ndearnadh an t-iarratas ar stádas saor ó ghalar a fhormheas ina leith, le tuairisc ar na scéimeanna vacsaínithe gaolmhara, agus áireofar iontu pleananna éigeandála chun freagairt do mhórsháruithe bithshlándála, lena n-áirítear amhras nó cásanna de ghalar nó de ghalair chatagóir A a ndearnadh an t-iarratas ar stádas saor ó ghalar a fhormheas ina leith;

(i) plean lena rialáiltear agus lena dtaifeadtar gluaiseachtaí aon duine a thagann isteach sna bunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog nó a fhágann na bunaíochtaí sin, lena ndéantar idirdhealú idir daoine nó cuairteoirí údaraithe agus neamhúdaraithe, lena n-áirítear tuairisc ar na bacainní fisiciúla lena sainítear go soiléir imlínte áitreabh na mbunaíochtaí sin, agus ar chomharthaí, geataí glasáilte agus bealaí isteach chuig na foirgnimh; ní mór nach raibh aon teagmháil ag cuairteoirí seachtracha, lena n-áirítear iniúchóirí nó cigirí, le hainmhithe atá soghabhálach i leith ghalar chatagóir A nó ghalair chatagóir A a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalar a fhormheas ina leith, ar feadh tréimhse shainithe ama roimh a dteacht isteach i gceann de na bunaíochtaí sin;

(j) plean lena rialáiltear agus lena dtaifeadtar gluaiseachtaí aon fheithicle isteach sna bunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog, amach astu nó eatarthu, lena n-áirítear feithiclí príobháideacha agus seachadta le haghaidh ainmhithe, beatha, trealaimh nó soláthairtí eile;

(k) tuairisc ar na pointí criticiúla uile agus ar na sáruithe féideartha ar an mbithshlándáil, agus cé acu a mheasfar sárú ar leith a bheith ina mhionsárú nó ina mhórshárú;

(l) tuairisc ar na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh, agus na bearta chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha;

(m) na nósanna imeachta chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi theagmhais sláinte ainmhithe, fadhbanna feidhme, sáruithe bithshlándála, modhnuithe ar chomhpháirteanna deighleoige nó pleananna, nó faoi aon ábhar eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhormheas an stádais saor ó ghalair don deighleog.

CUID III

TUAIRISC AR DHEIGHLEOG

I dteannta na faisnéise faoi bhunaíochtaí a cheanglaítear le hAirteagal 96(1) de Rialachán (AE) 2016/429, áireofar an fhaisnéis seo a leanas in iarratais ar stádas saor ó ghalair a fhormheas dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo:

(a) ainm bhainisteoir na deighleoige, cáilíochtaí agus post bhainisteoir na deighleoige, sonraí teagmhála agus seoladh na deighleoige;

(b) tuairisc mhionsonraithe ar an deighleog lena n-áirítear a comhpháirteanna uile, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) léarscáil nó léarscáileanna láithreáin ina léirítear críochú na deighleoige agus suíomh beacht na mbunaíochtaí uile atá ina gcuid den deighleog agus comhpháirteanna eile na deighleoige;

(ii) sreabhchairt ina léirítear go mionsonraithe na gníomhaíochtaí uile arna ndéanamh sa deighleog, agus freagrachtaí, róil agus idirghaol na bpáirtithe uile lena mbaineann;

(iii) na hidirghníomhaíochtaí feidhmiúla idir na bunaíochtaí atá ina gcuid den deighleog, agus idir na bunaíochtaí sin agus comhpháirteanna deighleoige eile, lena n-áirítear léaráid de gach áitreabh ina léirítear na naisc atá acu le chéile;

(iv) na modhanna iompair le haghaidh ainmhithe talún agus táirgí ar leis an deighleog iad, a ngnáthbhealaí, agus áiteanna glantacháin agus páirceála;

(c) tuairisc ar an gcóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann;

(d) pleananna bithshlándála na mbunaíochtaí uile atá ina gcuid den deighleog;

(e) galar nó na galair chatagóir A a ndearnadh iarratas ar stádas saor ó ghalair na deighleoige a fhormheas ina leith, agus faisnéis mhionsonraithe maidir leis na bearta, na critéir agus na ceanglais shonracha maidir le faireachas galair rioscabhunaithe atá beartaithe chun stádas saor ó ghalair na deighleoige a léiriú;

(f) torthaí an fhaireachais lena léirítear nach ann do ghalar nó galair chatagóir A dá dtagraítear i bpointe (e) ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta an iarratais ar fhormheas an stádais saor ó ghalair.

IARSCRÍBHINN II

CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE STÁDAS SAOR Ó GHALAIR DO DHEIGHLEOGA ÉANLAITHE CLÓIS A FHORMHEAS I nDÁIL LEIS AN bhFLIÚ ÉANÚIL ARDPHATAIGINEACH NÓ VÍREAS GHALAR NEWCASTLE

CUID I

ROINN 1

Tuairisc mhionsonraithe ar an deighleog éanlaithe clóis atá le háireamh san iarratas

1. Sa tuairisc ar an deighleog dá bhforáiltear i gCuid III d'Iarscríbhinn I beidh mionsonraí ar na cineálacha bunaíochtaí éanlaithe clóis atá ina gcuid den deighleog, chomh maith leis na saoráidí próiseála nó stórála beatha, saoráidí stórála ábhar eile, seamlais agus gléasraí próiseála agus aon ghléasra eile a bhféadfadh éanlaith chlóis, táirgí éanlaithe clóis agus seachtháirgí éanlaithe clóis a bheith iontu.

2. Ina theannta sin, san iarratas ar stádas saor ó ghalair do dheighleog éanlaithe clóis a fhormheas beidh an méid seo a leanas:

(a) faisnéis faoi na tosca bonneagair agus feidhmiúla agus an chaoi a gcuireann siad le deighilt eipidéimeolaíoch idir éanlaith chlóis sa deighleog agus daonraí ainmhithe a bhfuil stádas sláinte difriúil acu, nach mór tuairisc ar an gcineál gníomhaíochta agus ar na táirgí nó na tráchtearraí eile a tháirgtear sa deighleog a bheith ar áireamh inti, lena n-áirítear acmhainneachtaí iomlána na hurrainne;

(b) faisnéis faoi na gnéithe eipidéimeolaíocha agus na fachtóirí riosca maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach nó víreas ghalar Newcastle, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(i) stádas sláinte na mbunaíochtaí atá nó a bhí ina gcuid den deighleog éanlaithe clóis le 12 mhí anuas, agus go háirithe aon fhaisnéis maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach nó víreas ghalar Newcastle;

(ii) na gluaiseachtaí de dhaoine, táirgí nó tráchtearraí eile, éin nó táirgí éan nó ainmhithe eile, táirgí de bhunadh ainmhíoch nó táirgí eile a bhíonn i dtadhall le hainmhithe, feithiclí iompair, trealamh, beatha ainmhithe, soláthar uisce agus draenáil a cheadaítear isteach i ndeighleog éanlaithe clóis, amach aisti nó laistigh di (ionchur agus aschur);

(iii) bunaíochtaí éanlaithe clóis nó éan i mbraighdeanas lasmuigh den deighleog éanlaithe clóis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do stádas sláinte na deighleoige éanlaithe clóis ar gheall ar a ghaire atá siad do cheann amháin nó níos mó de chomhpháirteanna na deighleoige; déanfar measúireacht freisin ar na fachtóirí riosca i ndáil le cineál na mbunaíochtaí sin, lena n-áirítear bunaíochtaí neamhthráchtála, margaí, ionaid tionóil, seamlais, zúnna nó áitribh eile ina bhfuil éin i mbraighdeanas;

(iv) na fachtóirí riosca don chomhshaol amhail uiscebhealaí, láithreacha scíthe agus measctha fiadhúlra, lena n-áirítear bealaí imirce éan fiáin, láithreacht creimirí nó lotnaidí eile, agus an fliú éanúil ardphataigineach nó víreas ghalar Newcastle a bheith ann sa 12 mhí roimhe sin i ngar d'aon cheann de na comhpháirteanna deighleog éanlaithe clóis;

(v) na fachtóirí riosca sonracha agus na conairí sonracha i ndáil le teacht isteach agus leathadh an fhliú éanúil ardphataiginigh nó víreas ghalar Newcastle sa deighleog éanlaithe clóis;

(c) faisnéis faoin gcóras luathrabhaidh atá i bhfeidhm chun an fliú éanúil ardphataigineach nó víreas ghalar Newcastle a bhrath agus chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi na torthaí a bhaineann leis na fachtóirí riosca agus conairí dá dtagraítear i bpointe (b).

ROINN 2

Córas bainistithe bithshlándála comhchoiteann deighleoige éanlaithe clóis

1. Sa bhreis ar na gnéithe a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I, faoin gcóras bainistithe bithshlándála comhchoiteann, beidh an méid seo a leanas ar a laghad i bpleananna bithshlándála sonracha gach bunaíochta éanlaithe clóis atá ina cuid de dheighleog éanlaithe clóis:

(a) riail go ndéanfaidh pearsanra na deighleoige éanlaithe clóis an méid seo a leanas:

(i) gan éanlaith chlóis ná éin i mbraighdeanas a choinneáil go pearsanta;

(ii) gan bheith i ndlúth-theagmháil le héin, seachas éin na deighleoige éanlaithe clóis, ar feadh tréimhse 72 uair an chloig ar a laghad roimh a dteacht isteach i mbunaíocht; mar sin féin, d'fhéadfadh tréimhse níos giorra a bheith ag teastáil i gcás ina bhfuil géarghá le foireann shonrach, ach ní bheidh sí níos lú ná 24 uair an chloig i gcás ar bith agus tabharfar tuairisc ar an nós imeachta maolaithe riosca sa phlean bithshlándála;

(b) riail nach ceadmhach do chuairteoirí seachtracha, lena n-áirítear iniúchóirí nó cigirí, aon teagmháil a bheith acu le héin ar feadh tréimhse 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh dhul isteach sa bhunaíocht; mar sin féin, d'fhéadfadh tréimhse níos faide a bheith ag teastáil de réir na bhfachtóirí riosca, go háirithe i gcás cuairteoirí a thagann ó chrios srianta; agus d'fhéadfadh tréimhse níos giorra a bheith ag teastáil ó thréidlianna oifigiúla nó i gcás ina bhfuil gá práinneach le hidirghabháil shonrach sheachtrach, amhail ó sainchomhairleoir nó tréidlia, tabharfar tuairisc sa phlean bithshlándála ar an nós imeachta maolaithe riosca;

(c) sreabhadh na dtáirgí agus an phearsanra, a bhfuil tuairisc orthu ar léaráid d'áitribh uile na bunaíochta ina bhfuil leibhéil bhithshlándála dhathchódaithe; beidh bacainní sláinteachais ann le criosanna feistis, lena n-áirítear cithfholcadáin i gcás inarb iomchuí, agus le limistéir ghlana agus shalacha ar leithligh óna chéile ag gach pointe iontrála chuig an áitreabh;

(d) nósanna imeachta sonracha chun éilliú éanlaithe clóis a chosc, lena n-áirítear éilliú trí na nithe seo a leanas a sholáthar, a iompar, a stóráil, a sheachadadh agus a dhiúscairt:

(i) ábhair phacála, lena n-áirítear ar a laghad úsáid ábhar pacála nua nó díghalraithe;

(ii) easracha, lena n-áirítear ar a laghad am coraintín stórála iomchuí nó díghalrú easracha;

(iii) beatha, lena n-áirítear córais iata bheatha a úsáid;

(iv) uisce, lena n-áirítear córas cóireála uisce inmheánach;

(v) seachtháirgí ainmhithe, lena n-áirítear diúscairt iomchuí conablach, uibheacha ina bhfuil suthanna marbha agus aoiligh;

(e) plean glantacháin agus díghalraithe don bhunaíocht, lena n-áirítear an trealamh agus na hábhair a úsáidfear; beidh prótacal sonrach maidir le glanadh agus dífhabhtú feithiclí ar fáil;

(f) plean rialaithe lotnaidí, lena n-áirítear creimirí agus ainmhithe fiáine eile, lena bhforálfar do bhacainní fisiciúla agus bearta maidir le torthaí a ngníomhaíochta;

(g) plean pointí rialúcháin criticiúla, maidir le an bhfliú éanúil ardphataigineach agus víreas ghalar Newcastle, ina n-áireofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad, iad fós ar siúl agus ar feadh na 6 mhí roimhe sin:

(i) sonraí faoin táirgeadh, sonraí faoin ngalracht agus faoin mortlaíocht, mionsonraí faoi na cógais a úsáidfear, agus sonraí faoi thomhaltas beatha ainmhithe agus uisce;

(ii) faisnéis a bhaineann leis na seiceálacha cliniciúla agus na pleananna samplála maidir le faireachas gníomhach agus éighníomhach agus anailísí scagthástála, lena n-áirítear minicíochtaí, modhanna agus torthaí;

(iii) clár de na cuairteoirí a thagann chuig an mbunaíocht, a bheidh mionsonraithe go leor chun go mbeidh siad in ann aon chuairteoir a rianú agus teagmháil a dhéanamh leis;

(iv) faisnéis faoi aon chlár vacsaínithe arna chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an cineál vacsaíne arna húsáid agus minicíocht agus dátaí na tabhartha;

(v) taifid mhionsonraithe faisnéise ar na pointí rialúcháin criticiúla gaolmhara nár comhlíonadh, agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha arna ndéanamh.

2. Déanfar pleananna bithshlándála sonracha na mbunaíochtaí atá ina gcuid de dheighleog éanlaithe clóis a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Cuid II, pointe (h), d'Iarscríbhinn I, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras oifigiúil ann go bhfuil ráig den fhliú éanúil ardphataigineach nó víreas ghalar Newcastle ann nó ina ndeimhnítear go hoifigiúil í sa Bhallstát nó sa limistéar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna deighleoige suite.

CUID II

ROINN 1

Bearta sonracha cosanta agus faireachais le haghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh

1. Formheasfar na bunaíochtaí uile atá ina gcuid den deighleog éanlaithe clóis i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (c)(i), den Rialachán seo, agus comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le formheas a dheonú do ghorlanna a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe AE 2019/2035 ón gCoimisiún ([1]) nó na ceanglais maidir le formheas a dheonú do bhunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis a leagtar síos in Airteagal 8 de. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) léireofar sa léaráid dá dtagraítear i gCuid III, pointe (b)(iii), d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo suíomh na mbunaíochtaí ina gcoimeádtar gach cineál éanlaithe clóis, chomh maith le gorlanna, láithreáin tógála éanlaithe clóis, láithreáin breithe éanlaithe clóis, láithreáin trialach, stórais uibheacha agus gach áit ina gcoimeádtar uibheacha nó éanlaith chlóis; léireofar inti sreafaí na dtáirgí agus na dtráchtearraí eile idir na suíomhanna sin;

(b) le nós imeachta mionsonraithe rialófar gluaiseachtaí éanlaithe clóis, a n-uibheacha agus táirgí gaolmhara eile; éanlaith chlóis, a n-uibheacha agus táirgí gaolmhara eile a thagann isteach in aon bhunaíocht atá ina cuid den deighleog éanlaithe clóis, tiocfaidh siad ó bhunaíocht a bhfuil stádas saor ó ghalar aici a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus déanfar iad a sheiceáil chun a áirithiú nach mbeidh aon riosca ann go dtabharfar isteach an fliú éanúil ardphataigineach;

(c) déanfar éanlaith chlóis agus uibheacha goir a aistrítear isteach i ndeighleog na héanlaithe clóis nó laistigh di a shainaithint ar bhealach inar féidir iad a rianú, agus beidh an sainaitheantais doiciméadaithe cuí ag gabháil leo;

(d) i gcás suíomh il-aoise nó i gcásanna eile ina gcuirtear éanlaith chlóis leis ag amanna éagsúla de shaolré éanlaithe clóis, le nós imeachta i scríbhinn tabharfar tuairisc ar éanlaith chlóis a beith á cur leis an suíomh agus á baint de, lena n-áirítear glanadh agus díghalrú na gcliathbhoscaí gabhála agus boscaí iompair in-athúsáidte.

2. Bunófar an faireachas dá dtagraítear i gCuid I, pointe (c)(iii), d'Iarscríbhinn I faoi fhreagracht bhainisteoir na deighleoige agus áireofar leis faireachas leanúnach éighníomhach agus gníomhach chun a léiriú nach ann d'ionfhabhtú ann in aon bhunaíocht atá ina cuid den deighleog éanlaithe clóis. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh táscairí cliniciúla ina gcuid den fhaireachas éighníomhach agus tabharfar tuairisc leis ar imscrúduithe leantacha gaolmhara, lena n-áirítear sampláil le haghaidh tástáil saotharlainne;

(b) mar chuid den fhaireachas gníomhach beidh tástáil a dhéanfar ar líon sainithe samplaí a thógfar ó éin i ngach bunaíocht nó aonad eipidéimeolaíoch má tá níos mó ná ceann amháin in aghaidh na bunaíochta i gceist, agus beidh leibhéal muiníne 95 % ar a laghad ag baint leis an tástáil chun an t-ionfhabhtú a bhrath ag spriocráta leitheadúlachta 5 %:

(i) gach 6 mhí ar a laghad le linn na tréimhse táirgthe, i gcás nár deimhníodh aon ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis ná in éin eile i mbraighdeanas le linn na 6 mhí roimhe sin i gcríoch an Bhallstáit;

(ii) gach 3 mhí ar a laghad, i gcás inár deimhníodh ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis nó in éin eile i mbraighdeanas le linn na 6 mhí roimhe sin i gcríoch an Bhallstáit;

(iii) i gcás ina bhfuil aon chomhpháirt den deighleog éanlaithe clóis suite laistigh de chrios srianta de dheasca ráig den fhliú éanúil ardphataigineach, laistigh de sheachtain amháin tar éis dháta na ráige agus ar a laghad gach 28 lá ina dhiaidh sin; ina theannta sin, tabharfar an faireachas cothrom le dáta chun scrúdú cliniciúil laethúil a áireamh chomh maith le samplaí arna dtógáil go seachtainiúil ar líon ionadaíoch éan atá tinn nó a aimsítear marbh le haghaidh tástáil víreolaíoch mhóilíneach.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus le hinrianaitheacht ainmhithe talún ar coimeád agus uibheacha goir áirithe (IO L 314, 5.12.2019, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2035/oj).

(c) Seolfaidh an t-údarás inniúil na samplaí chuig saotharlann arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) chun na tástálacha a dhéanamh, agus stádas vacsaínithe na n-éan agus na gcineálacha vacsaíní a úsáidfear á gcur san áireamh.

3. Beidh an córas luathrabhaidh dá dtagraítear i Roinn 1, pointe 2(c), de Chuid I, bunaithe ar phrótacal i scríbhinn ina sonraítear na nósanna imeachta tuairiscithe. Cuirfear in oiriúint é do na speicis éanlaithe clóis atá sa deighleog agus dá soghabháltacht i leith an fhliú éanúil ardphataiginigh, agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) forordóidh sé leibhéil ghníomhaíochta bunaithe ar thorthaí agus ar thairseacha sainithe an fhaireachais éighníomhaigh agus ghníomhaigh ar a dtugtar tuairisc i bpointe 2;

(b) tabharfaidh sé tuairisc ar na gníomhaíochta atá le déanamh;

(c) beidh liosta den phearsanra atá freagrach agus a bhfuil fógra le thabhairt dóibh ag gabháil leis.

4. Maidir leis an doiciméadacht dá dtagraítear i gCuid I, pointe (h), d'Iarscríbhinn I:

(a) coinneofar í ar feadh íostréimhse 3 bliana;

(b) beidh inti torthaí an fhaireachais galair agus tuairisceofar iad don údarás inniúil:

(i) gach 3 mhí, i gcás inár deimhníodh ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis nó in éin i mbraighdeanas le linn na 6 mhí roimhe sin i gcríoch an Bhallstáit;

(ii) gach 28 lá i gcás ina bhfuil aon chomhpháirt deighleoige suite laistigh de chrios srianta de dheasca ráig den fhliú éanúil ardphataigineach.

ROINN 2

Bearta sonracha cosanta agus faireachais le haghaidh víreas ghalar Newcastle

1. Formheasfar na bunaíochtaí uile atá ina gcuid den deighleog éanlaithe clóis i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (c), den Rialachán seo, agus comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le formheas a dheonú do ghorlanna a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe AE 2019/2035 nó na ceanglais maidir le formheas a dheonú do bhunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis a leagtar síos in Airteagal 8 de. Ina theannta sin:

(a) léireofar sa léaráid dá dtagraítear i gCuid III, pointe (b)(iii), d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo suíomh na mbunaíochtaí ina gcoimeádtar gach cineál éanlaithe clóis, chomh maith le gorlanna, láithreáin tógála éanlaithe clóis, láithreáin breithe éanlaithe clóis, láithreáin trialach, stórais uibheacha agus gach áit ina gcoimeádtar uibheacha nó éanlaith chlóis; léireofar inti sreafaí na dtáirgí agus na dtráchtearraí eile idir na suíomhanna sin;

(b) le nós imeachta mionsonraithe rialófar gluaiseachtaí éanlaithe clóis, a n-uibheacha agus táirgí gaolmhara eile; éanlaith chlóis, a n-uibheacha agus táirgí gaolmhara eile a thagann isteach in aon bhunaíocht atá ina cuid den deighleog éanlaithe clóis, tiocfaidh siad ó bhunaíocht nach bhfuil aon ráig de víreas ghalar Newcastle inti ná aon srian mar gheall ar ráig den ghalar sin agus déanfar iad a sheiceáil chun a áirithiú nach mbeidh aon riosca ann go dtabharfar isteach galar víreas Newcastle;

(c) déanfar éanlaith chlóis agus uibheacha goir a aistrítear isteach i ndeighleog na héanlaithe clóis nó laistigh di a shainaithint ar bhealach inar féidir iad a rianú, agus beidh an sainaitheantais doiciméadaithe cuí ag gabháil leo;

(d) i gcás suíomh il-aoise nó i gcásanna eile ina gcuirtear éanlaith chlóis leis ag amanna éagsúla de shaolré éanlaithe clóis, le nós imeachta i scríbhinn tabharfar tuairisc ar éanlaith chlóis a beith á cur leis an suíomh agus á baint de, lena n-áirítear glanadh agus díghalrú na gcliathbhoscaí gabhála agus boscaí iompair in-athúsáidte.

([2]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

2. Bunófar an faireachas dá dtagraítear i gCuid I, pointe (c)(iii), d'Iarscríbhinn I faoi fhreagracht bhainisteoir na deighleoige agus áireofar leis faireachas leanúnach éighníomhach agus gníomhach chun a léiriú nach ann d'ionfhabhtú ann in aon bhunaíocht atá ina cuid den deighleog éanlaithe clóis:

(a) beidh táscairí cliniciúla ina gcuid den fhaireachas éighníomhach agus tabharfar tuairisc leis ar imscrúdú leantach gaolmhar, lena n-áirítear sampláil le haghaidh tástáil saotharlainne;

(b) mar chuid den fhaireachas gníomhach beidh tástáil a dhéanfar ar líon sainithe samplaí a thógfar ó éin i ngach bunaíocht nó aonad eipidéimeolaíoch má tá níos mó ná ceann amháin in aghaidh na bunaíochta i gceist, agus beidh leibhéal muiníne 95 % ar a laghad ag baint leis an tástáil chun an t-ionfhabhtú a bhrath ag spriocráta leitheadúlachta 5 %:

   (i) gach 6 mhí ar a laghad le linn na tréimhse táirgthe, i gcás nár deimhníodh aon ráig de víreas ghalar Newcastle in éanlaith chlóis ná in éin eile i mbraighdeanas le linn na 6 mhí roimhe sin i gcríoch an Bhallstáit;

   (ii) gach 3 mhí ar a laghad, i gcás inár deimhníodh ráig de víreas ghalar Newcastle in éanlaith chlóis nó in éin eile i mbraighdeanas le linn na 6 mhí roimhe sin i gcríoch an Bhallstáit;

   (iii) i gcás ina bhfuil aon chomhpháirt den deighleog éanlaithe clóis suite laistigh de chrios srianta de dheasca ráig de víreas ghalar Newcastle, laistigh de sheachtain amháin tar éis dháta na ráige agus ar a laghad gach 28 lá ina dhiaidh sin; ina theannta sin, tabharfar an faireachas cothrom le dáta chun scrúdú cliniciúil laethúil a áireamh chomh maith le samplaí arna dtógáil go seachtainiúil ar líon ionadaíoch éan atá tinn nó a aimsítear marbh le haghaidh tástáil víreolaíoch mhóilíneach;

(c) Seolfaidh an t-údarás inniúil na samplaí chuig saotharlann arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625 chun na tástálacha a dhéanamh, agus stádas vacsaínithe na n-éan agus na gcineálacha vacsaíní a úsáidfear á gcur san áireamh.

3. Beidh an córas luathrabhaidh dá dtagraítear i Roinn 1, pointe 2(c), de Chuid I, bunaithe ar phrótacal i scríbhinn ina sonraítear na nósanna imeachta tuairiscithe. Cuirfear in oiriúint é do na speicis éanlaithe clóis atá sa deighleog éanlaithe clóis agus dá soghabháltacht i leith víreas ghalar Newcastle, agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) forordóidh sé leibhéil ghníomhaíochta bunaithe ar thorthaí agus ar thairseacha sainithe an fhaireachais éighníomhaigh agus ghníomhaigh ar a dtugtar tuairisc i bpointe 2;

(b) tabharfaidh sé tuairisc ar na gníomhaíochta atá le déanamh;

(c) beidh liosta den phearsanra atá freagrach agus a bhfuil fógra le thabhairt dóibh ag gabháil leis.

4. Maidir leis an doiciméadacht dá dtagraítear i gCuid I, pointe (h), d'Iarscríbhinn I:

(a) coinneofar í ar feadh íostréimhse 3 bliana;

(b) beidh inti torthaí an fhaireachais galair agus tuairisceofar iad don údarás inniúil:

   (i) gach 3 mhí, i gcás inár deimhníodh ráig de víreas ghalar Newcastle in éanlaith chlóis nó in éin i mbraighdeanas le linn na 6 mhí roimhe sin i gcríoch an Bhallstáit;

   (ii) gach 28 lá i gcás ina bhfuil aon chomhpháirt deighleoige suite laistigh de chrios srianta de dheasca ráig de víreas ghalar Newcastle.